
# Na Normannaigh






Tá go leor caisleán mar seo le feiceáil in Éirinn.










Cé a thóg na caisleáin seo, meas tú?





Thóg na Normannaigh iad na céadta bliain ó shin.






# Cérbh iad na Normannaigh?

Bhí cónaí ar na Normannaigh i dtuaisceart na Fraince thart ar mhíle bliain ó shin. Shíolraigh siad ó Lochlannaigh a tháinig as Críoch Lochlann agus a chuir fúthu i dtuaisceart na Fraince. Tugadh 'an Normainn' ar an gceantar inar chuir siad fúthu agus tugadh 'Normannaigh' orthu mar dhaoine.





Saighdiúirí den scoth ba ea na Normannaigh. Ghabh siad go leor tailte, cuid acu i bhfad ón Normainn (san Iodáil agus sa Talamh Naofa, mar shampla).

# Amlíne

RCh | AD

600 400 200 0 200 400 600 800 1000 1200 1400 1600 1800 2000



Cath Hastings (1066)

An lá atá inniu ann.



Sa bhliain 1066 rinne na Normannaigh, faoi cheannas Liam Concar, ionradh ar Shasana. Bhí cath idir na Sasanaigh agus na Normannaigh ag Hastings i Sasana. Fuair na Normannaigh an ceann is fearr ar na Sasanaigh. Corónaíodh Liam ina rí ar Shasana ina dhiaidh sin.





Céard atá le feiceáil sna pictiúir seo?



Tá radhairc ó **Thaipéis Bayeux** le feiceáil sna pictiúir seo. Sraith pictiúr fuaite a dhéanann cur síos ar Chath Hastings is ea an taipéis. Is iad na Normannaigh iad féin a rinne an taipéis go gairid i ndiaidh an chatha, agus is fianaise mhaith í, mar sin, ar an méid a tharla le linn an chatha féin.










Féach na saighdiúirí Normannacha sa taipéis. Céard iad na hairm atá acu?

Boghdóirí den scoth ba ea na Normannaigh.








Céard iad na rudaí eile atá ag na saighdiúirí le hiad féin a chosaint ar an ionsaí?

Chaitheadh na saighdiúirí Normannacha cathéide mháilleach le hiad féin a chosaint agus iad i mbun catha. Is de leathar a dhéantaí an chathéide mháilleach agus bhíodh fáinní iarainn greamaithe di.








Tá an taipéis ar taispeáint anois i músaem in Bayeux na Fraince.

Is féidir póstaer atá bunaithe ar Thaipéis Bayeux a íoslódáil anseo:
[http://www.sparklebox.co.uk/4861-4870/sb4861.html#.UvDArfl_uVp](http://www.sparklebox.co.uk/4861-4870/sb4861.html#.UvDArfl_uVp)

# Amlíne




Tháinig na Normannaigh go hÉirinn (1169).

An lá atá inniu ann.


Níor tháinig na Normannaigh go hÉirinn go dtí timpeall 100 bliain tar éis Chath Hastings.

Cén fáth ar tháinig na Normannaigh go hÉirinn?

Tugadh cuireadh dóibh!

# Éire sa bhliain 1166

- Bhí Éire roinnte ina ríochtaí beaga.
- Bhí rí i gceannas ar gach ríocht.
- Diarmaid Mac Murchú a bhí ina rí ar Laighin. Bhí a lán naimhde aige.
- Duine dá naimhde ba ea Ruairí Ó Conchúir, Rí Chonnacht. Ceapadh Ruairí Ó Conchúir ina Ardrí ar Éirinn sa bhliain 1166.



Sa bhliain 1166, chuir Ruairí Ó Conchúir Laighin faoi smacht. Díbríodh Diarmaid Mac Murchú as a ríocht féin, mar sin. Shocraigh Diarmaid dul go Sasana le cabhair a lorg ó Rí Shasana, Anraí II.





Thug Anraí II cead do Dhiarmaid cabhair a lorg ó na tiarnaí Normannacha i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i gcodanna den Fhrainc.

Tiarna Normannach darbh ainm Richard de Clare, bhí seisean sásta cabhrú le Diarmaid. 'Strongbow' an leasainm a bhí air.



Bhí Strongbow sásta arm a thabhairt go hÉirinn ar choinníollacha áirithe:




1. Go dtabharfaí cead dó Aoife, iníon Dhiarmada, a phósadh.

2. Go mbeadh sé ina rí ar Laighin tar éis bhás Dhiarmada.

Ghlac Diarmaid leis na coinníollacha sin.


Chruinnigh na Normannaigh arm, mar sin, agus thug siad aghaidh ar Éirinn. Tháinig siad i dtír i Loch Garman sa bhliain 1169. Bhí arm den scoth acu. Níorbh fhada go raibh Loch Garman faoi smacht acu.





Sna blianta a lean an bua i Loch Garman tháinig tuilleadh Normannach go hÉirinn. D'éirigh leo an lámh in uachtar a fháil ar na Gaeil i gcodanna áirithe den tír de bharr go raibh na huirlisí troda agus an chathéide ab fhearr acu.

Phós Strongbow agus Aoife, mar a bhí geallta, agus glacadh le Diarmaid mar Rí Laighean arís. Fuair sé bás sa bhliain 1171, áfach, agus ainmníodh Strongbow ina rí ar Laighin ansin.




Faoin mbliain 1250
bhí dhá thrian den tír faoi
smacht na Normannach.

# Cuir na heachtraí seo in ord.

1166: Bhí Éire roinnte ina ríochtaí.

Díbríodh Diarmaid Mac Murchú as a ríocht féin.

Chuaigh Diarmaid go Sasana.

Bhí Strongbow sásta cabhrú le Diarmaid.

1169: Tháinig na Normannaigh go hÉirinn.

Phós Strongbow Aoife.

1171: Fuair Diarmaid bás.

Ainmníodh Strongbow ina rí ar Laighin.

1171: Fuair Diarmaid bás.

1169: Tháinig na Normannaigh go hÉirinn.

Phós Strongbow Aoife.

Ainmníodh Strongbow ina rí ar Laighin.

1166: Bhí Éire roinnte ina ríochtaí.

Bhí Strongbow sásta cabhrú le Diarmaid.

Chuaigh Diarmaid go Sasana.

Díbríodh Diarmaid Mac Murchú as a ríocht féin.

Féach leathanach 40 i do leabhar oibre.

# Fíor nó Bréagach?

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Troideadh Cath Hastings sa bhliain 1169. | | ✓ |
| Bhí cónaí ar na Normannaigh i dtuaisceart na Fraince thart ar mhíle bliain ó shin. | ✓ | |
| Bhí Éire roinnte ina ríochtaí roimh theacht na Normannach. | ✓ | |
| Bhí Diarmaid Mac Murchú ina rí ar Chonnachta. | | ✓ |
| Ceapadh Ruairí Ó Conchúir ina Ardrí ar Éirinn sa bhliain 1166. | ✓ | |
| Déantar cur síos i dTaipéis Bayeux ar theacht na Normannach go hÉirinn. | | ✓ |
| Phós Strongbow Aoife, iníon Dhiarmada. | ✓ | |
| Faoin mbliain 1250 bhí dhá thrian d'Éirinn faoi smacht na Normannach. | ✓ | |

**Íomhánna:**
Shutterstock
Christine Warner
Jennifer Farley

Rinneadh gach iarracht teacht ar úinéir an chóipchirt i gcás na n-íomhánna atá ar na sleamhnáin seo. Má rinneadh faillí ar aon bhealach ó thaobh cóipchirt de ba cheart d'úinéir an chóipchirt teagmháil a dhéanamh leis na foilsitheoirí. Beidh na foilsitheoirí lántoilteanach socruithe cuí a dhéanamh leis.

© Foras na Gaeilge, 2014

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

An Gúm